



GUTH GHOILL

Coiste Céim Aniar

LUACH €1.50

Seán-Scoil Mhíobhais 1958.



Ar Chúl:

Micí Ghréasaí, Sarah Ann, Jimmy John Phéigí, Frankie Nóra, Stephen Stephen, Enda Mháistir, Terence Duffy, Ned Coyle.

An Tríú Líne:

Micí Tommy, Micí Éanaí, Denis Ann, Máire Phat, Annie Ní Dhochartaigh, Katie Pháidí Bhuí, Katie Stephen, Anna Phat.

An Dara Líne:

Bridget Phaidí Bhuí, John Mhici Rua, John Pháidí Bhuí, Denis Bhrógáin, Antoin Bhrógáin.

An Chéad Líne:

Roseanna Mhici Rua, Nóirín Fenny, Fia Ann, Sarah Pháidí Bhuí, Ann Tommy, Ann Ní Dhochartaigh, Máire John Phéigí.

Is éigin do Chéim Aniar luach de €1.50 a chur ar "Guth Ghoill" as seo amach le cuidiú linn na costaisí clódóireachta a íslíú.

Máinigh Mbícheáil

(ag leanstan ar aghaidh le scéal Mháinigh ón eagrán dheireannach).

Thug Máinigh cur síos maith dúinn ar a shaol agus é ag imeacht agus ag teacht ón ghutáil ar feadh na mblianta fada. Rugadh agus tógadh i nDumhaigh é ar imeall na fharraige agus de thairbhe sin bhí sé nádúrtha go mbeadh dlúth-cheangal aige leis an fharraige. Chuaigh sé amach lena athair sa churrach don chéad uair nuair a bhí sé seacht mbliana, agus bhí sé ceithre scór ar a thuras dheireannach. Bhí sin thart fa sé bliana o shoin. Lena athair a chuaigh sé amach an chéad uair agus an t-am deireannach bhí sé leis fhéin. Seo mar a rachfadh sé amach go minic ins na blianta deireannacha. Cé go mbeadh inní ar dhaoine eile fa seo ní raibh eagla ar bith ar Mháinigh “Charachfainn amach ach nuair a bheadh tráthnóna breá ciúin ann” a dúirt sé.

Cé go ndéirfinn go raibh ceangal spioradálta ag Máinigh leis an fharraige níor lig sé a smaointeacha liomsa. Bhí sé ar a shuaimhneas amuigh agus is cinnte gur chothaigh an fharraige an bhrí agus an mheon ann is go bhfuil intinn bhreá bhríomhar aige go fóill agus é ag machnamh ar an saol agus ar na heachtraí atá ag titim amach.

Nuair a chuir mé ceist air cad chuige a raibh sé ag dhul don iascaireacht ins na blianta deireannacha, “Bhuel a dúirt sé, “chaithfidh iasc a chur ar an tábla”. Súilíní, muírlis, faoitíní agus glasáin a bhfaigheadh sé greim orthu. “An bhfuil cuimhne agat ar an tráthnóna dheireannach a bhí tú

amuigh?” “Tá”, a dúirt sé, “súilín beag amháin a fuair mé”.

Ba gnáth le Máinigh iascaireacht gliomaigh a dhéanamh fosta. Hughie Óg ins na Dúnaibh a cheannódh na gliomaigh uaidh. Ins na fichidí/tríocaidí ba gnáth leofa iascaireacht scadáin a dhéanamh i mBaighe an Chorrigh. Iascaireacht Fómhair a bheadh ann, eangach amháin leofa sa churrach.

Bhí Máinigh sa bhaile sa churrach. “An ghaoth a rud a ba mheasa” a dúirt sé “Ansin obair mhaslach a bhí ann.” Ní hé duine Máinigh a bheadh ag gearán faoin am cruaidh a bheadh aige amuigh ach d’innis sé scéal domh fa bheirt eile a dtáinig sé géar orthu agus iad ag iascaireacht línte. Bhí Dén Rua agus Bóidí Shúsie amuigh le línte taobh amuigh de charraig Ghoill i náit a dtabharfadh siad an Ball air, leath mhíle amach ó Charraig Ghoill Bheag. Tháinig an ghaoth ó dheas orthu agus d’éirigh sí breá cruaidh. Le deacracht mhór rinne siad isteach go Dumhaigh é. Bhí siad cloíte agus dúirt sé nach ndearna Bóidí a’n lá iascaireachta ina dhiaidh.

D’innis sé domh fa thuras eile a rinne sé i Scift (Skiff) ó Dhumhaigh le lása ceilp go Baile na nGallóglach – ba é Dén Mór (Den Charlie), Hughie Dén, Dén Óg Phádraig Dén agus é fhéin a bhí sa chriú. D’fág siad Dumhaigh thart fan haon déag ar maidin. Nuair a chuaigh siad suas an Mhaol Rua fhad leis na Hassáin tháinig tart ar Hughie Dén agus Dén Óg agus b’éigean dófa cuairt a thabhairt ar Theach Mhíci Bhacach. D’fan Máinigh agus Dén Mór sa bháid.

Nuair a tháinig an beirt eile ar ais bhí deoch mhaith acu, ach lean siad leofa tríd na Hassáin go dtí go dtáinig siad fhad leis an oileán ghlas ach thug an ghaoth agus an fhearhainn orthu pilleadh. Tháinig siad ar ais go Cé Chreamh in áit a raibh fáiche aoil ag dó. D'fan Dén Mór ar an bhád agus tharraing sé an seol thart air fhéin agus chaith an triúr eile an oíche thart fan tine. Ar maidin fuair siad fhad le Baile na nGallóglach. Shiúil Dén Mór isteach go dtí an baile ansin agus nuair a tháinig sé ar ais tráthnóna bhí sé mar boc mór ann, hata úr agus seaicéad úr air.



Seo Máinigh Mhícheáil agus cupla páistí de chuid na h-áite. Tá os cionn trí scór agus deich mbliana eatrú. Nach mór a d'athraigh an saol san idiram?

"Mol an óige is tiocfaidh sí"



'A kind word never broke a tooth'
— IRISH PROVERB

Ráiteas casta

D'ith damh dubh ubh amh.
Is deacair stoca a stróiceadh trasna.

Máchailí a bhíonn ar dhaoine

Briotáil ; stadaireacht ; fi-arshúilí ; leathlámh ; leathchois ; daille ; bodhaire ; bailbhe.

Seanráiteas

Ceathrar cailleach gan bheith mantach, Ceathrar francach gan bheith buí, Ceathrar gréasaí gan bheith bréagach, Sin dáréag nach bhfuil sa tír.

CUPLA SEANFHOCAL:

- Bíonn fáilte agus fiche roimh chuireadh gan iarraidh.
- An té nach leigheasann im nó uisce beirthe é, níl aon leigheas air.
- Is garbh mí na gcuach.
- Is deise cabhair Dé ná an doras.

CAO CHUIZE LOGAINNEACHA?

Tugadh ainmneacha ar áiteanna mar go raibh tábhacht ar leith acu i saol na ndaoine. Go minic, bhí baint acu leis na daoine ar leo an áit, nó rinne siad cur síos ar ghnéithe aiceanta áite, nó ar obair éigin a bhí ag dul ar aghaidh in áit. Bheireann siad léargas dúinn ar bheatha na ndaoine, ar stair na háite, ar thírleas na háite agus ar rudaí eile nach iad. Tá achan ghné de shaol na ndaoine le fáil sna logainmneacha.

Is i nGaeilge a bhí logainmneacha na tíre seo i dtús ama, ach cuireadh Béarla orthu nuair a bhí na Sasanaigh i gceannas na tíre. Corr uair, is aistriúchán díreach ón Ghaeilge a rinneadh, corr uair eile is mí-aistriúchán nó droch-aistriúchán a rinneadh agus in amanna eile, is fuaim an ainm a haistríodh, rud a rinne truailliú ceart ar an ainm bhunaidh .

Mar shampla, go minic bíonn an focal **Bally** nó **Ball** le fáil in ainmneacha áiteanna sa Bhéarla. Corr uair, is an focal *baile* a bhíonn i gceist, uaireanta eile is *béal* a bhíonn i gceist, mar shampla *béal abhainn*, agus uaireanta eile go fóill is *bealach* a bhíonn i gceist. Caithfidh tú casadh ar ais ar an leagan Gaeilge den ainm le ciall a dhéanamh de. Mar shampla, sa chontae seo tá *Ballindrait* againn. ‘Sé an leagan Gaeilge den ainm seo ná *Baile an Droichid*. Sampla atá san ainm seo d’ainm ar aistríodh fuaim na Gaeilge, i.e. *Droichead go Drait*.

Ansin tá *Ballinamore* againn agus an Ghaeilge atá ar an bhaile sin ná *Béal an Átha Móir*.

Tá mé cinnte go deachaigh an chuid is mó agaibh fríd *Ballybofey* nó *Bealach Bó Féich* lá de bhur saol. Dár ndóigh, *Bealach Féich* a thugtar air anois.

Bhuel, faoi mar a tháinig sibh ón leagan Gaeilge den ainm, is é an focal *Bealach* atá i gceist leis an ainm seo. Maidir leis an fhocal *Féich* féin, b’fhéidir gurb é an focal *fiach* atá i gceist. Má tá eolas agat féin faoi seo, abair linn.

Agus muid ag caint faoi ainmneacha, seo cúpla dóigh a n-úsáidtear an focal *baile*.

i bhfad ó bhaile uainn an t-olc is an t-anachain.

Chluinfeá míle ón bhaile é.

Arán / im baile.

Baile biataigh: Achar talaimh a bhí cothrom le 480 acra nó aon tríochadh de bharúntacht.

Radharc i bhfad ó bhaile.

Madaí an bhaile.

Lán an bhaile bháin.

Má tá cúpla ceann eile agat féin, cuir isteach chugainn iad.

Mar chríoch, amharc ar an leagan Gaeilge d’ainm Béarla ar bith le *Ball/Bally* ag a thús as seo amach, agus smaointigh ar an chiall cheart atá leis an ainm.




Imeachtaí do Pháistí:

Beidh dráma ar siúil do pháistí na háite sa Choláiste Gaeilge Ros Goill ar an Aoine an 15 Iúil. Finscéal Teaghlach atá ann darbh ainm “Codhladh Céad Bliain”. Tá dhá seó i gceist - 2pm agus 7pm agus ceardlann idir an dá cheann má tá suim ag duine ar bith ann. Beidh Campa Samhraidh tré mhéan na Gaeilge a reachtáil ag Céim Aniar do pháistí scoile chomh maith. Beidh litir ag dul 'na bhaile le na sonraí.




Seo cuid de na sliogéisc atá le fáil go coiteann taart ar chósta na mara i Ros Goill



①

1. ƒaochóga: Le fáil ar chladaigh chreagacha, go minic faoin fheamainn, tá dath liath/dhonn orthu. Bíonn daoine á bpiocadh le hithe agus le díol agus tá luach maith le fáil orthu. (Ní thaitníonn siad ró-mhaith le muintir ar an taobh thiar de Ros Goill. Ní fios cén fáth!!!)

2. Ɔairniqb: Bíonn siad seo greamaithe do na carraigeacha go cruaidh nuair atá an lán-mhara amuigh, ach is féidir leo snámh thart faoin uisce le bia a fháil. Tá siad breá maith le hithe, ach rud beag righin.



②



③

3. Scéana mara: Tá siad seo déchomhlach (bivalve) agus iad caol fada cosúil le scian. Tá siad le fáil saite i dtalamh ghainimheach. Tá siad fósta maith le hithe. Bíonn siad á n'iascaireacht le trealamh spéisialta.

4. Sliogáin Ōhabha (Ōiúlicín): Tá siad seo fósta déchomhlach, fásann siad ina moill charnáin le chéile in áiteacha a mbíonn srúth láidir farraige ag rith, bíonn siad uilig in achrann a chéile le snáth a ndéan siad féin. Tá siad seo mar a gcéanna maith le hithe. Tá cuid mhór daoine anois ag feirmeoireacht na sliogéisc seo.




④



⑤

5. Mairín Mór: Seo sliogiasc íogaireachta (delicacy) agus mar sin de tá siad costasach agus gann. Bhí siad le fáil go forleathan sa Mhaoil Ruaidhe ins na blianta a chuaigh thart ach ní sin an scéal inniu. Tá an sliogiasc seo fósta á fheirmeoireacht sa Mhaoil Ruaidhe. Tá siad fósta déhcomhlach agus tá na sliogáin galánta le druileanna iontu, ceann amháin cothrom agus an ceann eile leath chruinn.

6. Ruidcan: Tá sé seo fósta déchomhlach agus le fáil saite sa ghaineamh nó in oitir láibe. Tá fáinne trom le féiceáil ar an sliogán ar son achan bhliain d'aois. Caithfidh tú a thochailt amach le ráca miotail nó le spáid.




⑥

7. Μαγνηθος (fíniciñ): Seo sliogiasc beag, ubhchrutach, (oval) Tá siad le fáil ar thránna gainimheach. Más féidir leat ceann a fháil le trí spota dhubha air, deir said go mbeidh an t-ádh i gconaí leat.



⑦

8. Cuschna chon: Tá siad le fáil ar chladaigh chreagacha agus dath lia/bánbhuí orthu. Ní shílím go bhfuil siad maith le hithe.



⑧

AN CHUACH:

“Nuair a chanann an chuach ar chrann gan duilliúir díol



Tagann an chuach ón Aifric achan bhliain thart fá lár mhí Aibreáin. Tá na cinn fásta, baineann agus fireann, measartha cosúil lena chéile, iad liath agus stríocaí bána ionntu. Tá eireaball nó ruball fada orthu, iad fa órlach déag ar fhad agus réise sciatháin (wingspan) idir 20 – 24 órlach acu. Is minic dath donnrua ar na cinn bheaga, agus spota bán ar bhaic (nape) an mhuiníl. Tá cliú ar an chuach as a cuid uibheacha a chur i neadreacha éanacha eile, riabhógaí agus spideogaí san aireamh. Tá scairt na cuaiche iontach difriúil agus suntasach, agus bíonn sé le cluinstitín go soiléir go luath ar maidin agus ins na trátnóntaí fada. Is deacair í fheiceáil mar go meascann sé go héasgaidh le dathannaí na gcrann a

mbíonn sé ina cónaí ionntu. Nuair a scairteann sé, íslíonn sé na sciatháin agus ar-díonn sé a ruball agus ar aghaidh leis an scairtigh. I gcuid mhaith de thíorthaí na hEorpa tá an chuach ainmnithe as an scairt chliúiteach sin, mar shampla: sa Fhrainc - “Coucou”, san Íseltír - “Koekoek”, sa Ghearmáin - “Kuckuck” agus go fiú san Áis - sa tSeapáin - “Kak ko”.

MÍCÍ MÓR



Bhí daoine mór le rá i gcónaí ar an Bhaile Úr ach pobal macánta go smior a bheadh iontu agus ní bheadh siad ag séideadh amach a muinnil faoi an uaisleacht a bhí ina measc.

Ba é dearthair den Bhodach a bhí i Míci Mór, Mickedy mar a thugtaí air, atá sa phictiúr thuas. Tá sé marbh anois le dhaichead bliain ach beidh cuimhne ag cuid mhór daoine go fóill air. Bhí sé ina fhear mhúinte, modhúil ach níor stad sin an t-aos óg a bheith a diabhlaíocht air.

Bhí cara maith amháin aige agus ba sin a asal. Bhí sé i muinín an chaitséarachta lena bheatha a shaothrú. Anois chuir sé iontas orm le goirid nuair a dúirt mé an focal “caitséaracht” daoine éagsúla agus níor thuig siad mé. Tá fhios agam go dtugtar “mangaire mór éisc” ar duine mar seo i gceantair eile i dTír Chonail. Gheobhadh sé mallach éisc – lán na cléibhe ag an cé nó ag

cladach Ghorta Mór. Scadáin a ba mhó a bheadh leis.

Ar shiúil leis ansin amach Loch is Alt. Is go dtí an Tearmann, Cill Mhic Néanainn agus Cúl Buí is mó a bhí a thuras.

D’fhanódh sé go minic thar oíche i dtí Bhella Duffy i gCill Mhic Néanainn. Tá sé ráite gur gnáth leis dhul go Leitir Ceanainn agus fiú amháin uair nó dhó go dtí an tSrath Bán. Siúlaí láidir lúthair a bhí ann.

De thairbhe go raibh Míci Mór i muinín an asail bhéarfadh sé aire mhaith dithe. Nuair a bheadh asail na gcomharsan amuigh agus a dtóin leis an ghaoth agus leis an fhearhainn, bheadh a asal san te tirim sa chró aige agus í ag fáil scoith an chothaithe. Bhí meas mór ag an asal ar shopóga coirce agus rinne sé cinnte go bhfuair an t-asal seo, i rith an gheimhridh. Bhí air iad seo a cheannacht ó óganaigh an bhaile ar thrí pingine an sopóg. Is iomaí cruach ar goideadh sopóg aisti. Go minic bhí stácaí sé pingine i dhith le suí isteach i scoil chárdaí agus is minic a thóg an t-aos óg cupla sopóg as a sciobal fhéin le luach an stáca a fháil ó Mhíci Mhór.

Tá cuimhne agam nuair a fuair an t-asal deireannach bás gur dhúirt comharsa paidir agus é ag caitheamh na fóide ar an asal.

D’éirigh sé tuirseach de shiúil i ndiaidh an asail agus séasúr amháin cheannaigh sé capall ar aonach an Chraoslaí. Is cosúil nach raibh dea chuma uirthi agus cha raibh aici ach súil amháin. Bhí Míci Mór brodúil aisti agus thaispeann sé do chomarsa í.

“Bhuel” a dúirt an comharsa “tá ceann agat anois a bheirtheas socair do do chuid cnámha an dá lá saoil a bhéas agus rud eile tá súil cliobóg aici.”

Fear onórach múinte cneasta a bhí i Míci Mór. Bhí air a bheith an-láidir lena bheatha a shaothrú.

sléibhte GLAS' ROS GOILL

I

Tá'n ghrian bhuí órga 'soillsiú síos
Thar Mhucais Mhaordha thall,
Is beidh ceol na dtonn, le taobh na long
Le clos arís ar ball
Is ciúin an t-aer, 's is gorm an spéir
'S beidh an oíche triall gan mhoill
Och, Áintín groí, a stór mo chroí
Caoin sléibhte glas' Ros Goill.

II

Nuair a thriallas lucht an ghrá go mall
Thart Bhaighe Shéimh na Long.
Bíd éanlaith 'ceol, s'is binn a nglór
'S grág faoileán ar an tonn.
Trathnóna beag, a tchí tú iad
Ag siúl 's ag déanamh moill
Och grá mo chroí, gach fear 's gach mnaoi
'S caoin sléibhte glas' Ros Goill.

III

Tá daoine caoine cneasta ann
A dhéanfadh gnó i ngá
Na cailíní is deas a ngnaoi,
A ndealbh, is a scath.
Tá Gaeilge bhinn ár dtír' ann
'Sí teanga Choilmcill'
Och! Táim gan bhrí, is trom i gcroí
Gan sléibhte glas' Ros Goill

IV

Ansiúd a bíos na céilithe
San oíche 's ard a gcliú
Agus muna ndéan tú damhsa bhuel,
Is mór an náire thú.
Tá na rinnceoirí go h-aigeanta
Mar shíoga i gcoill.
Ó! Beidh oíche shuailceach, shásta 'gat
I gColáiste Ros Goill.

V

Is iomaidh nóin gan smúid gan brón
A siúil mé thart trá mór.
Ach d'imigh siúd, is tháinig seo,
An aois maraon gan chabhair
Ach ní ligfead as mo chuimhne sibh
Go dté mé i gcill
A bhánta mín, 'sa ardáin chaoín,
'S a shléibhte glas' Ros Goill.

VI

Ó slán le bánta réidhe is
Le Gáinne Mór go hard.
Ó slán le mná 's le fir gan char,
Le file is le bard
Mo bheannacht leat, a Dhúnaibh
Ó béad arais gan mhoill.
Ach slán go fóill a dhaoine 'n ceoil
Faoi shléibhte ghlas' Ros Goill.

Foilsíodh an dán seo ins an iris "An t-Ultach" sa bhliain 1957.

*D.Nic Pháidín
An t-Ardbán
Na Dúnaibh
Ros Goill
Co. Dhún na nGall*



PAIDREACHA NACH bhFREAGRAÍTEAR.



Léirigh Aisteoirí Mhíobhaigh dráma úr iontach do chuid Francie Cullen i gColáiste Ros Goill le goirid. Bhíomar uilig ag dréim go mór leis an dráma, mar chonaic muid “Fear an Gheafta” anuraidh agus ní raibh dabht ar bith againn, ach go mbeadh marc an mháistir ar an dráma seo fósta, ach níor shamhlaigh muid ariamh go mbéadh sé chomh maith is a bhí sé. Bhí muidinne an lucht éisteachta, ag gáire ó thús go deire.

Bhí na haisteoirí mar dhaoine gairmúla a fheicfeá i n-Amharclann na Mainistreach nó sa “West End”, i Londain. Bhí an plot ag athrú i rith an ama agus ár gcoinneáil ar chipíní. Tá sé léirithe ag Francie fosta go bhfuil eolas maith aige ar intinn na mban – i.e. go bhfaigheann siad a ndóigh fhéin i gconaí sa deire.

D’oscail an dráma dar ndóigh le radharc seomra leapan, agus d’athraigh Hughie Fina agus Fíona Pasoma miniú “radharc seomra leapan” go deo. Bhí muid ansin ag fanacht le grá croíúil paiseanta go dtí go bhfaca muid cuid cosa Hughie ag gobadh amach faoin “Duvet” agus a chuid stocaí air, agus iad lán poill. (Dúradh liom ó shin, go ndearn fir Ros Goill grá i gconaí agus a gcuid stocaí orthu).

Níor chuala tú ariamh agallamh chomh taircaisneach maslach agus a bhí ag gabhail ar aghaidh idir Phéigí agus Jimmy – (Fíona agus Hughie) agus an díon ag eirí don halla leis an scairt gháire a bhí ag teacht ón lucht éisteachta. Bhí an bheirt thar barr, chomh maith is a sheas ar staitse ariamh. Ní raibh ann ach bean amhain eile, Caitlín Áine Ní Dhochar-taigh mar Helena, seort bean feasa, agus bhí an teach ag titim síos ag gáire fúithi. Bhí an “plot” ag athrú i rith an ama agus gach eachtra úr níos greannmhara ná an ceann a chuaigh roimhe. John Mhicí Ruaidh, mar Hiudaí, a

bhí i mbun connradh marú.

Aisteoir don scoith atá in John agus cé go ndearna sé uthairt don mharú rinne sé obair iontach do pháirt Hiudaí. Bhí gach páirt tógtha go maith. Bhí an dráma suimiúil greannmhar ó thús go deire – gan laigeacht ar bith follasach agus pian i dtaobh gach duine, ag gáire, agus iad ag fágáil an halla. Tá súil agam go mbeidh deis againn an dráma seo a fheiceáil arís sa tsamhradh nuair a bheadh muintir na háite atá ar shiúil sa bhaile.

Déanann muid comhgháirdeachas le Francie agus a shlua breá aisteoirí, atá ag cur Ros Goill ar learsgáil chultúra na tíre.




Léiríodh an dráma dhá uair i gColáiste Ros Goill, uair amháin i nGaillimh (Féile Drámaíochta an Cheathru Rua) inár éirigh leis an fhoireann cupla gradam a thabhairt leo ar an bealach ó thuaidh,

agus cuireadh ar stáitse arís é san Fhéile Náisiúnta sna Feochannaí áit a bhfuair sé gradam eile.

Bhí spórt agus craic againn ar an bhealach agus dar ndóigh níl an turas thart go fóill. Tá muid ag fágáil na tíre moiré don chéad uair le dráma agus beidh gach súil ar Oileán Thóraí tráthnóna Déardaoin ag tús Mhí Mheithimh agus muid ar bharr na dtonn. Beidh dráma eile ag taisteal na mbóthar ar an bhliain seo chugainn agus duine ar bith a bhfuil suim acu páirt a ghlacaint nó cuidiú a thabhairt, ná bígí faiteach agus buailigí linn.

Tá an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta ag teacht go Ros Goill sa bhliain 2007. Is onóir mhór í sin do cheantar bheag s’aigainne anseo in iarthuaisceart na tíre agus beidh meitheal fathaigh a dhíth mar beidh cuidiú agus tacaíocht a dhíobháil ó achán ceathrú le sin a eagrú.

*“Tá súil agam gur sin paidir a
fhreagraítear.”*



AN CHURRACH

*Athbhreith ar Churrach i
oTír Chonaill*



Tá stair an churraí chomh sean le hÉire í féin. Deirtear go dtearn Naomh Breandán, Loingseoir, turas i gcurrach siar, siar go dtí cuid cladaí Mheiriceá Thuaidh. Téann an chéad tuairisc scríofa faoin churrach siar go dtí an bhliain 100 R.C. (Roimh Chríost) in aimsir Julius Caesar. Sa bhliain 1976 rinne Tim Severin, eachtránaí agus seoltóir mór le rá, an turas seo a athchruthú agus criú de chúigear aige. D'éirigh leis seoladh ó leathinis an Daingean i gCondae Chiarraí go dtí Talamh an Éisc. (Newfoundland).

Is féidir nach eol dúinn go beacht bunús nó céad-nochtú an churraigh i bhfad siar, ach is beag a d'athruigh modhanna tógála na mbádaí seo leis na céadta bliain. Rinneadh fráma an bháid le cineálacha éagsúla adhmaid agus ansin clúdaíodh í le craicne ainmhí. Ní raibh bordanna, nó deiceanna, ar na bádaí seo, fiú ar na cinn mhóra, agus b'iad seoltaí nó maidí rámha a thiomáin iad. Le bliantaí beaga anuas úsáidtear canbhás taráilte in áit na craicne.

Athraíonn na modhanna tógála ó cheantar go ceantar. Tá cuid bádaí na Gaillimhe cosúil le cuid na nOileán Árannach ach go bhfuil rud amháin sa bhreis iontu, 'sé sin, clár nó béalbhac a chlúdaíonn na taobhanna agus an deireadh, le cinntiú nach dtéann na heangacha in aimhréidh leis na pionnaí. Úsáideadh deil de gnáth do na maidí rámha agus don tslat gunail, agus dair don fhráma. Leamhán agus saileach a úsáideadh do na heasnacha agus do na maidí ceangail.

Cé go bhféadfadh currach a bheith suas le 25 troigh ar fhad, tá siad an-éadrom agus furas a láimhseáil agus a thabhairt i dtír.



An obair faoi lán seoil!



Currach á tógáil i dtabhairne an Síbín Ceoil, in aice leis Na Dúnaibh i dTír Chonaill 2005.

Soitheach an-iltréitheach atá sa churrach. Dé réir Shéamuis Mhic Philib, Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann, baineadh úsáid astu go sonrach fá choinne iascaireacht líon fada agus gliomaigh, chomh maith le hiompar earraí. B'é an gnáthrud ainmhí feirme a tharraingt ar théad taobh thiar den churrach nuair a bhí siad ag dhul isteach go tír mór nó ag teacht amach as. Bhí an t-am ann a raibh na currachaí le fáil sna tíorthaí Ceilteacha uilig, ach inniu is i nÉirinn amháin a bhfuil theacht orthu. Chan é amháin go bhfuil sí iltréitheach: tá sí ina siombal d'Éire agus aitheanta mar sin ar fud an domhain.

Ins a' chuid is mó de churrachaí tá na lataí agus na heasnacha daingnithe ag tairní copair, ach i gcuid currachaí Chuan na Long i dtír Chonaill úsáidtear ceangail rópaí go traidisiúnta.




Currach Ros Goill ag trasnú na dtionnta.



Na Manaigh Ceilteacha.

Ní mar ghabhálaí, nó ar mhaithe le seilbh a ghlacadh ar chríocha choimhíocha i bhfad i gcéin, a rinne na Manaigh Ceilteacha na turais fada farraige, ach le spiorad na síochána do chiníocha eile. Ba mhian leo sóiscéal úr a chraobhscaoileadh, sin nó na farraigí ollmhóra a chuartú, agus theacht ar áiteacha úra machtnaimh, nó mar rinne Breadán, Loingseoir, seoladh leo ag cuartú parthais caillte éigin. Chuir na manaigh seo go mór le críocha an domhain, mar bhí sé ar eolas go dtí sin, a bhuíochas sin d'á gcreideamh, d'a gcrógacht agus don saineolas a bhí acu ar an fharraige. D'imigh siad leo ar fud na hEorpa agus chomh fada ó bhaile le Talamh an Éisc, éacht de na héachtaí is mó cáil agus cliú i stair na mara, éachtaí atá beagnach dearmadtha sa lá atá inniu ann. Is mór an gar an cheird seo – cuid an-thábhachtach dár stair agus dár noidhreacht – a bheith tugtha ar ais arís ag leithéidí fir Ros Goill. Bhí suas le dúisín duine ag obair ar an tógra seo, obair ar chuireadh tús leis mí na Samhna 2004 agus ar leanadh ar aghaidh leis go dtí mí Márta i mbliana. 'Sé an spriocdáta a bhí ann don chéadseoladh ná Lá Fheil' Pádraig, agus bhí an churrach críochnaithe go gleoite don dáta sin. Denis Dhonnchaidh Mhícheáil agus Mícheál Joseph Mhíci John a rinne an chéad turas sin, ag imeacht ó Leag na hUillinne, thart ar an chuan agus ar ais arís. Bhí scaifte breá i láthair don ócáid stairiúil. Mar a dúirt mé cheana, bhí slua mór páirteach sa tógra seo agus ní féidir iad uilig a lua, ceal spáis, ach is féidir a rá gurb é Dinis Dhonnchaidh Mhícheáil an comhairleoir a ba mhó ar an ghrúpa. Tá an t-eolas uilig aige faoin cheird seo, agus taithí na mbliantach aige ag tógáil currachaí. Mar a dúirt an té a dúirt, ***“murab bhfuil fhios aigesan, níl fhios ag aon duine”***.



An Gutáil:

Tá fhios gur fhág na sluaite an ceantar seo le obair a dhéanamh ag an ghubáil. Seo cupla pictiúr lena geuimhne a chomóradh. Níl fhios agam ca háit a glacadh an pictiúr seo ach tá dhá dheirfiúr as Ros Goill ann, Annie Nic Giolla Chearra agus Bridget Nic Giolla Chearra. (Annie Bhrianaí agus Bidy Bhrianaí as Cnoc na Muirleoige).



Seo Annie ag pacáil scadáin. Sílim gur as an áit seo an bean eile – an aithníonn duine ar bith í?



Seo Dén Antain agus Paidí a Bhacáin ar chladach Ghorta Mór. Nach breá an t-iasc!





Maidir leis an phictiúr seo faoi cén áit sna Dúnaibh a tógadh an pictiúr de Mhicí Hiúdaí agus Alan Sutherland, seo leanas an t-eolas a fuair Brian Mac Lochlainn as Inbhear (agus Baile na Deora) ó Maeabdh Nic Gairbheith a bhfuil a máthair ina deirfiúr ag Micí Hiúdaí.

“Seo an t-eolas a fuair mé ó mo mháthair maidir leis an phictiúr i nGuth Ghoill.

Measann sí gur glacadh an pictiúr i 1931 nó 1932. Glacadh é taobh amuigh de Bhungalow Duthie an áit a bhfuil an Fleets Inn inniu. Leasaitheoir éisc a bhí i John Duthie a tháinig as Aberdeen na hAlban. Thóg sé bungalow agus bhí cáil ar an teach ó thaobh bia de. Bhí sé féin, a bhean agus a iníon i mbun na cócaireachta. Bhí beirt iníon ag John, b'iad sin Peggy agus Lizzie. Phós Peggy fear dárbh ainm Sutherland as Albain agus san phictiúr seo i nGuth Ghoill tá mac le Peggy – an buachaill Alan atá ar mhúin an asail le Micí Hiúdaí as an Ard Bán, Na Dúnaibh”.

Buíochas mór do Bernard Bhrinie a rinne an fiosrú fan phictiúr agus do Mhaebdh a thug an t-eolas iontach suimiúil seo.

Seo pictiúr eile díbh!! Cé iad na gasúir seo? Tá beirt acu ina gcónaí sna Dúnaibh go fóill agus an duine eile i Sasain..Glacadh é áit éigin sna Dúnaibh ach c'áit? An bhfuil sean-phictiúr nó scéal le insint ag duine ar bith?

Ba mhaith linn chluinstin uaimh. Déan teangmháil linn ag [074 9154830](tel:0749154830).



Treoirsheirbhís Aosoideachais Dhún na nGall.

Tionscnamh Treorach do Dhaoine Fásta sa Phobal.

An raibh fhios agat go bhfuil treoirsheirbhís aosoideachais do dhaoine fásta ar fáil san Ionad Achmhainne Mhíobhaigh, Áras Ros Goill?

Tá sé mar aidhm againn cuidiú le duine ar bith sa phobal atá i bhfách le feabhas a chur ar a gcuid oideachais agus eolas a fháil fá na deiseanna slí bheatha a d'fheadfadh a bheith ar fáil dóibh. Tá muid in ann comhairle, tacaíocht agus treoir a thabhairt duit má tá suim agat filleadh ar ais ar oideachas nó oilliúint. Tá an seirbhís faoi rún agus saor in aisce. Má tá níos mó eolais de dhith ort cuir glaoch ar Mary Rose

@ 074 91 55511 nó maryrose1dalgs@eircom.net

Tá an tionscnamh seo a mhaoiniú ag AD-M/CPA faoi Chlár Peace II an AE agus páirtmhaoinithe ag Rialtas na Éireann faoin Phlean Forbartha Náisiúnta.



Údarás na Gaeltachta



Foras na Gaeilge

Cumann Lucht Bodhaire na hÉireann.

“Tá an lucht bodhaire ag iarraidh aitheantais don teanga Comharthaí Gaeilge” – Carl O'Brien, Irish Times, 11/04/2005.



Níl Teanga na gComharthaí Gaeilge aitheanta go hoifigiúil ag an Rialtas, ainneoin go bhfuil sé in úsáid mar ghnáth-mheán chumarsáide ag suas le 40,000 daoine bodhara, de réir Chumann Bhodhair na hÉireann. Tá an Cumann ag seoladh feachtais an seachtain seo, dírithe ar eolas ar an teanga a chothú, agus ar an riachtanas atá ann go mbeadh sé aitheanta ag an Stáit. Is minic ábhar scríofa agus cumarsáid labhartha tré mheán Theanga na gComharthaí Gaeilge gan a bheith ar fáil do na bodhair, a bhfuil an Béarla mar dharna nó tríú theanga acu, a deir an Cumann.